C/2025/661

10.2.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Eanáir 2025

lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Gréige

(C/2025/661)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263, agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach ([1]), mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme ([2]), agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát ([3]), is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat airgeadas poiblí atá fónta inbhuanaithe, mar aon le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht, a chur chun cinn trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Lena chois sin, cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma agus, ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí na rialacha i gceist leis.

(2) Na pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Ba cheart dhá chuspóir a bhaint amach leis na pleananna: (i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú, *inter alia*, go mbeidh fiachas rialtais ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus (ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Chuige sin, ba cheart gealltanas meántéarmach maidir le conair ghlanchaiteachais ([4]) a chur isteach i ngach plean, lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar ghnáth-théarma an reachtais i mBallstát). Ina theannta sin, ní mór míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfaidh an Ballstát aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear tréimhse 4 bliana, tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

([3]) Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

([4]) Glanchaiteachas, mar a shainmhínítear é in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan: (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(3) Tar éis thíolacadh an phlean, déanfaidh an Coimisiún measúnú cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

(4) Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh a fháil ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh ansin ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, déanfaidh sí formhuiniú ar an tsraith gealltanas athchóirithe agus infheistíochta atá ina mbonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh.

BREITHNITHE A BHAINEANN LE PLEAN STRUCHTÚRACH FIOSCACH MEÁNTÉARMACH NA GRÉIGE

(5) An 7 Deireadh Fómhair 2024, rinne an Ghréig a plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún. Rinneadh an tíolacadh tar éis síneadh a chur leis an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2024 i bhfianaise na gcúiseanna arna soláthar ag an nGréig.

An próiseas sular tíolacadh an plean

(6) Chun struchtúr a thabhairt don phlé as a dtiocfadh tíolacadh na bpleananna fioscach-struchtúrtha meántéarmacha náisiúnta, an 21 Meitheamh 2024 sheol an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán(AE) 2024/1263, an chonair thagartha ([5]) chuig an nGréig. D'fhoilsigh an Coimisiún an chonair thagartha an 8 Deireadh Fómhair 2024 ([6]). Tá an chonair thagartha rioscabhunaithe agus áirithítear léi, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh agus in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus go gcoinneofar é faoi bhun an luacha tagartha sin sa mheántéarma. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. I gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair thagartha comhsheasmhach freisin leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais agus leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh.

I gconair thagartha na Gréige, leagtar amach nár cheart fás níos mó ná na luachanna arna soláthar i dTábla 1 a theacht ar ghlanchaiteachas, agus sin bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin atá mar bhonn taca leis an treoir a tugadh roimh ré i mí an Mheithimh 2024 agus ar thréimhse choigeartúcháin 4 bliana a chur san áireamh. Comhfhreagraíonn sin do mheánfhás glanchaiteachais 3,1 % le linn na tréimhse coigeartúcháin (2025-2028).

Tábla 1: Conair thagartha arna soláthar ag an gCoimisiún don Ghréig an 21 Meitheamh 2024

	2025	2026	2027	2028	Meán 2025-2028
Fás glanchaiteachais uasta (bliantúil, %)	3,0	3,2	3,1	3,0	3,1

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Ghréig agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair 2024. Bhí an t-idirphlé dírithe ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an nGréig agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi, chomh maith leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe a thabhairt i gcrích lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais maidir leis an aistriú cóir, glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

(8) Ní thuairiscítear sa phlean a chuir an Ghréig isteach ar phróiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha (lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta) roimh chur isteach an phlean.

([5]) Cuimsítear leis an treoir a tarchuireadh roimh ré chuig na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais conairí gan síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus le síneadh a chur léi (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach). Cuimsítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023 (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-stainability-monitor-2023_en). Is ar Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún Eorpach agus ar a síneadh meántéarmach suas le 2033 atá siad bunaithe, agus tá fás fadtéarmach OTI agus na costais aosaithe i gcomhréir le Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ar an Aosú ón gCoimisiún agus ón gComhairle (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_en).

([6]) Féach: https://economy-finance.ec.europa.eu/document/download/d3a360b9-a45d-49ac-8769-038a48dbfb11_en?filename=Commission_prior_guidance_-_greece_en.pdf.

(9) Thug an Chomhairle Fhioscach Heilléanach tuairim lena bhformhuinítear an réamhaisnéis mhaicreacnamaíoch agus na toimhdí maicreacnamaíocha atá mar bhonn taca faoin gconair ghlanchaiteachais ilbhliantúil. Mar sin féin, d'iarr an Chomhairle Fhioscach Heilléanach go mbeifí ar an airdeall maidir le suaití seachtracha agus éiginnteachtaí maicreacnamaíocha. Mhol an Chomhairle Fhioscach Heilléanach athchóirithe struchtúracha a chur chun cinn sna margaí earraí, seirbhísí agus saothair, mar aon le gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí déimeagrafacha díobhálacha.

(10) Pléadh an plean sa pharlaimint náisiúnta an 4 Deireadh Fómhair 2024.

Próisis ghaolmhara eile

(11) Thíolaic an Ghréig a Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 an 15 Deireadh Fómhair 2024. Ghlac an Coimisiún tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach sin an 26 Samhain 2024 ([7]).

(12) An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an nGréig go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ann. Go háirithe, tá leochaileachtaí os comhair na Gréige a bhaineann le fiachas ard rialtais agus iasachtaí neamhthuillmheacha móra i gcomhthéacs na dífhostaíochta airde, leochaileachtaí atá fós ábhartha ach a bhfuil laghdú mór tagtha orthu agus a bhfuil coinne leis go dtiocfaidh laghdú breise orthu, ach tá an staid sheachtrach fós lag ([8]).

(13) An 21 Deireadh Fómhair 2024 chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na Gréige i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ([9]).

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS ANMEASÚNÚ ÓN gCOIMISIÚN AIR SIN

(14) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: staid agus ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(15) Tháinig fás 2,3 % ar ghníomhaíocht eacnamaíoch sa Ghréig in 2023, fás arb é an tomhaltas príobháideach, infheistíocht san earnáil tógála, agus glan-allmhairí ba chúis leis. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh fás 2,1 % ar an ngeilleagar in 2024, mar gheall ar thomhaltas príobháideach láidir agus dlús a chur le hinfheistíocht i dtrealamh. An tráth céanna, meastar go dtiocfaidh laghdú ar ghlan-onnmhairí mar thoradh ar bhorradh faoi allmhairí mar aon le fás mall ar onnmhairí. In 2025, meastar go dtiocfaidh méadú 2,3 % ar an bhfíor-OTI, ós rud é go meastar go leanfaidh an tomhaltas de bheith ag méadú ar luas láidir agus go dtuartar go gcuirfear dlús breise leis an infheistíocht, ós rud é go bhfuil cur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta ag aistriú ó athchóirithe i dtreo infheistíochtaí. Toimhdítear go mbeidh glan-onnmhairí fós ina mbac ar an bhfás toisc go meastar go mbeidh an fás ar allmhairí fós láidir. In 2026, meastar go dtiocfaidh méadú 2,2 % ar fhíor-OTI, ós rud é go dtuartar go leanfaidh an t-éileamh intíre de bheith ag méadú ar luas láidir, agus meastar go mbeidh tionchar neodrach ag glan-onnmhairí ar fhás OTI. Meastar go dtiocfaidh méadú ar fhás OTI ionchasaigh sa Ghréig ó 0,7 % le haghaidh 2023 go 2,0 % faoi 2026, méadú arb é is cúis leis táirgiúlacht na bhfachtóirí uile a bheith ag ardú, rud a léiríonn tionchar dearfach na n-athchóirithe struchtúracha, mar aon le rannchuidiú méadaitheach ó shaothar agus ó chaipiteal. Ba é 11,1 % an ráta dífhostaíochta in 2023, agus réamh-mheasann an Coimisiún gurb é 10,4 % a bheidh ann in 2024 agus 9,8 % in 2025 agus 9,2 % in 2026. Réamh-mheastar go laghdóidh an boilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 5,9 % in 2023 go 3,5 % in 2024 agus go sroichfidh sé 2,4 % in 2025 agus 2,2 % in 2026.

(16) Maidir le forbairtí fioscacha, in 2023 is é a bhí in easnamh rialtais ghinearálta na Gréige 1,3 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, laghdóidh sé go 0,6 % de OTI in 2024 agus laghdóidh sé a thuilleadh go 0,1 % de OTI in 2025 agus, ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, beidh sé ina bharrachas 0,2 % in 2026. Cuimsítear i Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach réamhdhréacht-bhuiséad na Gréige le haghaidh 2025 a mhol an rialtas don pharlaimint náisiúnta i mí Dheireadh Fómhair. Ba é 163,9 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas fiachais go 153,1 % de OTI ag deireadh 2024. Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú breise air go 146,8 % de OTI ag deireadh 2025 agus go 142,7 % ag deireadh 2026. Sa réamhaisnéis fhioscach ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna meántéarmacha go dtí go mbeidh bearta beartais nithiúla a fhógrófar go hinchreidte agus a shonrófar go leormhaith ina mbonn taca leo.

([7]) Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na Gréige, 26.11.2024, C(2024) 9053 final.

([8]) 'Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta', COM (2024) 600 final, Foscríbhinn 4.

([9]) Moladh ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2024 maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Gréige.

An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(17) Le plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Gréige, cumhdaítear an tréimhse 2025-2028 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair thar thréimhse 4 bliana.

(18) Tá an fhaisnéis uile a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean, cé is moite den fhaisnéis maidir leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara náisiúnta roimh an gcur isteach a cheanglaítear le hAirteagal 13(g)(vi) de Rialachán (AE) 2024/1263.

(19) Tugtar gealltanas sa phlean i leith na conaire glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 3,3 % i gcaitheamh na mblianta 2025-2028. An meánfhás glanchaiteachais arna thuairisciú sa phlean le haghaidh na tréimhse coigeartúcháin (2025-2028), is airde é ná an chonair thagartha arna tarchur ag an gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024. Déantar toimhde sa phlean go méadóidh fás OTI ionchasaigh go 2,5 % in 2025 (ó 1,2 % in 2024), sula laghdóidh sé go 1,5 % in 2028. Ina theannta sin, meastar sa phlean go laghdóidh ráta fáis an díbhoilsceora OTI go 2,2 % in 2025 (ó 3,0 % in 2024) sula méadóidh sé go 2,4 % in 2028.

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na Gréige

	2024	2025	2026	2027	2028	Meánfhás i gcaitheamh thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2028
Fás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	2,6	3,7	3,6	3,1	3,0	3,3
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2023, %)	2,6	6,5	10,3	13,7	17,1	n/bh
Fás OTI ionchasaigh (%)	1,2	2,5	2,4	1,7	1,5	2,0
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	3,0	2,2	2,3	2,3	2,4	2,3

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Gréige agus ríomhanna an Choimisiúin.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

(20) Dá dtiocfadh ann don chonair ghlanchaiteachais a bhfuil gealltanas tugtha ina leith sa phlean agus do na toimhdí is bonn léi, laghdódh fiachas rialtais ghinearálta de réir a chéile, de réir an phlean, ó 153,7 % in 2024 go 133,4 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028), de réir an tábla seo a leanas. Tar éis an choigeartúcháin, sa mheántéarma (i.e. go dtí 2038), réamh-mheastar go leanfaidh an cóimheas fiachais de bheith ag laghdú, de réir an phlean, agus go sroichfidh sé 114,9 % faoi 2038.

Tábla 3: Forbairtí maidir le fiachas rialtais ghinearálta agus comhardú rialtais ghinearálta i bplean na Gréige

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2038
Fiachas rialtais (% de OTI)	161,9	153,7	149,1	143,1	138,0	133,4	114,9
Comhardú rialtais (% de OTI)	- 1,6	- 1,0	- 0,6	- 0,8	- 1,1	- 1,2	- 2,5

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Gréige.

Dá bhrí sin, de réir an phlean, chuirfí an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta ar chonair anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028). Tá sin inchreidte ós rud é, bunaithe ar thoimhdí an phlean, go réamh-mheastar sa phlean go dtiocfaidh laghdú ar an bhfiachas i gcaitheamh na 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin faoi na tástálacha struis cinnteachaíocha uile in Anailís an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais, agus go léiríonn na réamh-mheastacháin stocastacha go bhfuil dóchúlacht leordhóthanach ann go dtiocfadh laghdú ar an bhfiachas. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean tá sí comhsheasmhach leis an gceanglas maidir le fiachas mar a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (a), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

(21) Ar bhonn chonair ghlanchaiteachais agus thoimhdí an phlean, laghdódh an t-easnamh rialtais ghinearálta go 0,6 % de OTI in 2025 agus go leanfadh sé treocht aníos de réir a chéile chun 1,2 % de OTI a bhaint amach faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta an luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin 2028. Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2038), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, bheadh an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (b), agus Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh

(22) Próifíl ama an choigeartaithe fhioscaigh, arna tomhas mar an t-athrú ar an gcomhardú príomha struchtúrach, mar a thuairiscítear sa phlean, is próifíl líneach í, mar a cheanglaítear le hAirteagal 6, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1263. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear ar aghaidh sa phlean, tá sí comhsheasmhach leis an gclásal i dtaca leis an gcoimirce maidir le siarchoinneáil a chosc a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (c), agus san fhoráil idirthréimhseach in Airteagal 36(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2024/1263.

Tábla 4: Forbairtí maidir le comhardú príomha struchtúrach i bplean na Gréige

	2023	2024	2025	2026	2027	2028
Comhardú príomha struchtúrach (% de OTI)	1,9	1,9	2,0	2,1	2,2	2,3
Athrú ar an gcomhardú príomha struchtúrach (pointí céatadáin)	n/bh	0,1	0,1	0,1	0,1	0,1

Foinse: Plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Gréige.

Comhsheasmhacht leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(23) Dá dtiocfadh ann do thoimhdí agus gealltanais an phlean, d'fhanfadh an t-easnamh struchtúrach faoi bhun 1,5 % de OTI le linn na tréimhse coigeartúcháin. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, leanfar den chorrlach coiteann athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2024/1263 a urramú, agus dá bhrí sin ní gá feabhas breise a chur ar an gcomhardú príomha struchtúrach dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais

(24) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/1263, ós rud é go mbeidh an fiachas rialtais os cionn 90 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin de réir an phlean, ní mór an cóimheas fiachais a laghdú 1 phointe céatadáin ar a laghad ar an meán in aghaidh na bliana go dtí go dtitfidh sé faoi bhun 90 % agus ba cheart é a laghdú 0,5 pointe céatadáin ar an meán ina dhiaidh sin. Ríomhtar an meánlaghdú sin thar an tréimhse 2024-2028 agus is éard atá ann 5,1 pointe céatadáin (féach Tábla 3). Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, an chonair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean, bheadh sí comhsheasmhach leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais.

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(25) Tá an plean bunaithe ar shraith toimhdí maicreacnamaíocha agus fioscacha atá éagsúil leis na toimhdí ón gCoimisiún a tarchuireadh chuig an nGréig an 21 Meitheamh 2024. Go sonrach, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean maidir le ceithre athróg, is iad sin an staid fhioscach tosaigh (i.e. an comhardú príomha struchtúrach in 2024), fás OTI ionchasaigh, glantionchar buiséadach na mbeart aonuaire in 2024 agus an leaisteachas ioncaim a thoimhdítear. Is gá measúnú cúramach a dhéanamh ar na difríochtaí sin idir toimhdí chun a áirithiú go bhfuil argóintí fónta sonraíbhunaithe mar bhonn taca leo, go háirithe ós rud é go bhfuil an meánfhás glanchaiteachais sa phlean níos airde ná an meánfhás glanchaiteachais sa chonair thagartha. Liostaítear thíos na difríochtaí idir na toimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar an meánfhás glanchaiteachais, mar aon le measúnú ar gach difríocht a bhreithnítear ina haonar.

— Úsáidtear sonraí níos cothroime le dáta sa phlean chun an staid fhioscach tosaigh a shuí agus réamh-mheastar leis gurb é 1,0 % de OTI in 2024 an t-easnamh rialtais ghinearálta, i gcomparáid le heasnamh 1,2 % de OTI a réamh-mheasadh i dtreoir a tugadh roimh ré in earrach na bliana 2024. Is é is cúis leis sin ioncam cánach níos airde ná mar a bhí coinne leis bunaithe ar shonraí olltoraidh agus beart breise beartais fhioscaigh lena méadaítear ioncam a fógraíodh i mí an Mheithimh 2024. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin. Is réamh-mheastachán níos faichillí é sin i gcomparáid le réamhaisnéis an fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach. Mar thoradh air sin, de réir an phlean, meastar go mbeidh an t-easnamh buiséadach struchtúrach faoi bhun 1,5 % de OTI in 2024 agus, an tráth céanna, bhí an chonair thagartha bunaithe ar easnamh buiséadach struchtúrach 1,7 % de OTI le haghaidh na bliana céanna i gcomhréir le toimhdí an Choimisiúin. Tugtar le tuiscint leis an méid sin nach bhfuil feidhm ag an gcoimirce athléimneachta easnaimh ós rud é go ndéantar toimhde sa phlean go mbeidh an t-easnamh struchtúrach faoi bhun 1,5 % de OTI in 2024, rud a chuireann le meánfhás glanchaiteachais níos airde le linn na tréimhse coigeartúcháin sa plean ná mar a bheidh de réir thoimhdí an Choimisiúin.

— Déantar toimhde sa phlean go méadóidh fás OTI ionchasaigh ó 0,6 % in 2023 go 2,5 % in 2025 agus 2,4 % in 2026, de réir meastacháin, agus go laghdóidh sé go 1,5 % faoi 2028, rud a fhágann gurb é 2 % an meánráta le linn na tréimhse coigeartúcháin. Sa treoir a thug an Choimisiún roimh ré, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 1,3 % ar an meán ar aschur ionchasach le linn na tréimhse céanna. Tar éis na tréimhse coigeartúcháin, déantar toimhde sa phlean go mbeidh ráta fáis ionchasaigh níos ísle ann i gcomparáid le toimhde an Choimisiúin. Ar an iomlán, tá an meánfhás ionchasach a thoimhdítear sa phlean le linn na tréimhse 2025-2038 comhsheasmhach le toimhde an Choimisiúin, ach tá an phróifíl fáis ionchasaí níos luainí. Rannchuidíonn an difríocht le meánfhás glanchaiteachais is airde i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Níl an toimhde sin comhsheasmhach leis an gcreat coiteann um anailís ar inbhuanaitheacht an fhiachais.

— Déantar toimhde sa phlean go mbeidh leaisteachas ioncaim 0,825 ann i gcomparáid leis an leaisteachas aonadach go fás OTI ionchasaigh arna thoimhdiú ag an gCoimisiún. Rannchuidíonn sin le meánfhás glanchaiteachais níos lú i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Tugtar údar leis an toimhde éagsúil sa phlean trí thagairt a dhéanamh do litríocht eimpíreach lena léirítear go raibh leaisteachas ioncaim na Gréige ní b'ísle ná meán an Aontais le linn na mblianta roimhe sin. I gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin, tá an difríocht sin ar an taobh faichilleach, rud arb é ceapadh beartas stuama is cúis leis, agus dá bhrí sin tá údar cuí léi.

Na difríochtaí idir toimhdí atá fágtha, níl tionchar mór acu ar an meánfhás glanchaiteachais i gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin. Tríd is tríd, leis an tionchar ar mheánfhás glanchaiteachais ón toimhde níos faichillí maidir leis an leaisteachas, comhardaítear tionchar an toimhde éagsúil ar fhás OTI ionchasaigh. Tugtar le tuiscint leis sin, dá réir sin, gur leis an staid fhioscach tosaigh nuashonraithe amháin a mhínítear an difríocht idir an chonair ghlanchaiteachais sa phlean agus an chonair thagartha. Ar an iomlán, is é an toradh atá ar na difríochtaí uile idir toimhdí a ghlactar le chéile meánfhás glanchaiteachais sa phlean is airde ná an chonair thagartha. Ar bhonn an mheasúnaithe sin, comhlíonann an plean an ceanglas faoi Airteagal 13(b) de Rialachán (AE) 2024/1263. Cuirfidh an Coimisiún an measúnú thuas ar thoimhdí an phlean san áireamh i measúnuithe a dhéanfaidh sé amach anseo ar chomhlíonadh na conaire glanchaiteachais.

Straitéis fhioscach an phlean

(26) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, déanfar na gealltanais maidir le glanchaiteachas a thabhairt i gcrích trí bhearta beartais fhioscaigh ar thaobh an chaiteachais agus ar thaobh an ioncaim den bhuiséad, mar aon le tosaíochtaí athraitheacha an bheartais fhioscaigh. Áirítear sa straitéis fhioscach a leagtar amach sa phlean bearta arb é is aidhm dóibh ioncam indiúscartha a neartú agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha agus ar riachtanais tithíochta gan comhlíonadh na conaire fáis glanchaiteachais a chur i mbaol. Foráiltear leis an gconair ghlanchaiteachais maidir le méadú 3,3 % in aghaidh na bliana ar an meán ar ghlanchaiteachas. Laistigh den chorrlach sin, tá sé beartaithe ag an nGréig bearta laghdaithe ioncaim a dhéanamh amhail laghdú ar ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta sóisialta agus deireadh a chur leis an gcáin chnapshuime do dhaoine féinfhostaithe chomh maith le bearta méadaithe caiteachais, arb é an ceann is tábhachtaí díobh sin an méadú de réir a chéile ar phá na hearnála poiblí a eascróidh as an méadú atá beartaithe ar an bpá íosta. I measc na mbeart eile tá idirghabhálacha chun tacú le teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus gníomhaíochtaí le haghaidh tithíocht inacmhainne agus an stoc tithíochta a mhéadú. Tá sonraíocht na mbeart beartais atá le glacadh le deimhniú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla. Tá roinnt rioscaí ann maidir le cur chun feidhme na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, ar rioscaí iad a eascraíonn as cásanna dlí atá ar feitheamh, go háirithe na cásanna dlíthíochta in aghaidh Chuideachta na Réadmhaoine Poiblí, rud a d'fhéadfadh srianadh ar mhíreanna glanchaiteachais eile a thabhairt le tuiscint. Tá an Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 comhsheasmhach leis an ngealltanas glanchaiteachais le haghaidh 2025 ([10]).

([10]) Féach Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na Gréige, 26.11.2024, C(2024) 9053 final.

Cuspóirí athchóirithe agus infheistíochta sa phlean lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais

(27) Tugtar tuairisc sa phlean ar chuspóirí beartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí eile chun freagairt do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe na moltaí tírshonracha, lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais. Cuimsítear sa phlean thart ar 226 athchóiriú agus infheistíocht, a bhfaigheann 132 cheann díobh tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus a bhfaigheann 52 cinn díobh tacaíocht airgeadais ó chistí an bheartais chomhtháthaithe.

(28) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann le haistriú cóir, glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, cuimsítear leis an bplean 88 n-athchóiriú agus n-infheistíocht a bhfuil coinne ag an nGréig go mbeidh siad ina rannchuidiú lena haistriú glas agus lena haistriú digiteach. Is bearta iad líon nach beag athchóirithe agus infheistíochta maidir leis an aistriú glas i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, nó tacaítear leo trí chistí an bheartais chomhtháthaithe. Mar shampla, na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá sa phlean, meastar go mbeidh siad ina rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha sonracha, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí spleáchas na Gréige ar bhreoslaí iontaise a laghdú tríd an táirgeadh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a leathnú, gaoth amach ón gcósta agus hidrigin san áireamh, mar aon le feabhas a chur ar acmhainneacht an bhonneagair fuinnimh agus na líonraí fuinnimh (moltaí tírshonracha 2023 agus 2022 maidir le fuinneamh in-athnuaite, bonneagar fuinnimh agus líonraí fuinnimh). Is é is aidhm d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí eile sa phlean feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh stoc tithíochta na tíre (moltaí tírshonracha 2023 agus 2022 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh), na heintitis bhardasacha bainistithe uisce a athstruchtúrú agus bonneagar uiscithe agus bonneagar bainistithe fuíolluisce a neartú (moladh tírshonrach 2019 maidir le beartas comhshaoil agus bainistiú acmhainní), agus pleananna spásúla speisialta a ullmhú agus an córas bainistithe cosanta sibhialta a neartú (moladh tírshonrach 2024 maidir le hoiriúnú don athrú aeráide). Áirítear i bplean na Gréige freisin roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí arb é is aidhm dóibh earnáil iompair na Gréige a leictriú, lena n-áirítear athchóiriú eagraíochtúil san earnáil iarnróid agus infheistíochtaí chun na pointí luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a leathnú ar fud na Gréige, ar bearta iad a meastar go mbeidh siad ina rannchuidiú le hearnáil iompair níos inbhuanaithe (moltaí tírshonracha 2024, 2023 agus 2022 maidir le hiompar). Maidir leis an aistriú digiteach, i measc na samplaí d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí a áirítear sa phlean tá athchóiriú arb é is aidhm dó an cadastar náisiúnta a chur i gcrích, rud a mheastar a neartóidh an timpeallacht ghnó (moladh tírshonrach 2023 maidir leis an timpeallacht ghnó), infheistíocht arb é is aidhm di cartlanna poiblí a dhigitiú, rud a mheastar a rannchuideoidh le digitiú an riaracháin phoiblí (moltaí tírshonracha 2020 agus 2019 maidir le digitiú an riaracháin phoiblí agus na seirbhísí poiblí) agus infheistíocht arb é is aidhm di tacú le forbairt uirlisí digiteacha le haghaidh FBManna na Gréige (moladh tírshonrach 2019 maidir le digitiú gnólachtaí). Formhór na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá ina gcuid den phlean agus a bhfuil sé d'aidhm acu rannchuidiú le haistriú digiteach na Gréige, tá siad ina gcuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige nó tacaítear leo trí chistí an bheartais chomhtháthaithe.

(29) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, cuimsítear leis an bplean 94 athchóiriú agus infheistíocht a measann an Ghréig go rannchuideoidh siad le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch na tíre a neartú. I measc na samplaí d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí atá ina gcuid de phlean na Gréige agus a bhaineann le moltaí tírshonracha sonracha, tá modhnuithe ar chreat beartais cánach na Gréige, rud a meastar go mbeidh sé ina rannchuidiú le bonn na gcánacha ioncaim a leathnú agus go bhfeabhsófar leis neamhspleáchas oibríochtúil an riaracháin cánach (moltaí tírshonracha 2023 agus 2022 maidir le beartas cánach agus riarachán cánach), cur i bhfeidhm an athchóirithe ar chúram sláinte príomhúil, rud a meastar go mbeidh sé ina rannchuidiú le hinrochtaineacht, leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht an chúraim sláinte (moltaí tírshonracha 2023 agus 2022 maidir le cúram sláinte), agus infheistíocht phoiblí agus phríobháideach sa taighde agus san fhorbairt a mhéadú (moladh tírshonrach 2019 maidir le taighde agus nuálaíocht); mar aon le hinfheistíochtaí a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh comhtháthú sóisialta, oideachas agus infhostaitheacht a neartú, rud a meastar go mbeidh sé ina rannchuidiú le huas-sciliú agus athsciliú (moltaí tírshonracha 2019 agus 2023 maidir le scileanna, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim aosach mar aon le hoideachas, agus moladh tírshonrach 2019 maidir le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus comhtháthú sóisialta a áirithiú). Thairis sin, áirítear sa phlean athchóirithe agus infheistíochtaí a meastar go mbeidh siad ina rannchuidiú le nuachóiriú an riaracháin phoiblí (moltaí tírshonracha 2024, 2023 agus 2022 maidir le riarachán poiblí), stoc na n-iasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú a thuilleadh (moltaí tírshonracha 2024 agus 2023 maidir le creat fiachais agus dócmhainneachta na hearnála príobháidí agus maidir le cobhsaíocht airgeadais, atá nasctha freisin leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha) agus athchóiriú arb é is aidhm dó an Chorparáid Heilléanach um Shócmhainní agus Rannpháirtíochtaí a athstruchtúrú (moladh tírshonrach 2024 maidir le fiontair atá faoi úinéireacht an stáit).

(30) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann le slándáil fuinnimh, cuimsítear leis an bplean 11 athchóiriú agus infheistíocht a measann an Ghréig go rannchuideoidh siad le slándáil fuinnimh na tíre a neartú agus go rannchuideoidh siad le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha sonracha. Tá na hathchóirithe agus na bearta infheistíochta sin go léir ina gcuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige, lena n-áirítear a chaibidil REPowerEU. Mar shampla, tá athchóirithe i bplean na Gréige chun acmhainneacht stórála na tíre a mhéadú agus chun feabhas a chur ar a héifeachtúlacht fuinnimh (moltaí tírshonracha 2023 agus 2022 maidir le bonneagar fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh). Anuas air sin, tá infheistíochtaí sa phlean arb é is aidhm dóibh an táirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú a thuilleadh agus acmhainneacht na líonraí leictreachais

a neartú (moltaí tírshonracha 2023 agus 2022 maidir le fuinneamh in-athnuaite agus líonraí), ar infheistíochtaí iad a meastar nach mbeidh an Ghréig ag brath chomh mór céanna ar bhreoslaí iontaise mar gheall orthu, rud a neartóidh a slándáil fuinnimh.

(31) Maidir leis an tosaíocht chomhchoiteann a bhaineann le cumais chosanta, cuimsítear leis an bplean 14 athchóiriú agus infheistíocht, ar cuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige ceann amháin acu, ar athchóirithe agus infheistíochtaí iad a measann an Ghréig go mbeidh siad ina rannchuidiú le cumais chosanta na tíre a neartú.

(32) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, an chomhlántacht, le cistí an bheartais comhtháthaithe agus le plean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige. Go sonrach, tá táblaí mionsonraithe in aghaidh na haireachta sa phlean ina leagtar amach na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí ábhartha le haghaidh gach tosaíochta comhchoitinne, an nasc atá acu le moltaí tírshonracha agus cé acu atá nó nach bhfuil siad ina gcuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta nó d'ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais (cistí bheartas comhtháthaithe an Aontais go príomha).

(33) Tugtar forléargas sa phlean ar riachtanais infheistíochta poiblí na Gréige a bhaineann le tosaíochtaí comhchoiteanna an Aontais agus is é is aidhm dó rannchuidiú le comhlíonadh na riachtanas infheistíochta sin. Maidir le tosaíocht an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, liostaítear sa phlean na príomhthosaíochtaí a chumhdófar le cistí an bheartais chomhtháthaithe, lena n-áirítear an Clár Forbartha um Aistriú Cóir, agus liostaítear ann freisin riachtanais shonracha infheistíochta in aghaidh na haireachta lena gcumhdaítear infheistíochtaí atá ina gcuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige. Luaitear sa phlean gur leithdháileadh 30 % den bhuiséad iomlán ó chistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh na tréimhse 2021-2027 ar bheartais atá tiomnaithe do ghníomhaíochtaí le haghaidh an aistrithe ghlais. Maidir leis an tosaíocht a bhaineann leis an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, liostaítear sa phlean na príomhthosaíochtaí a chumhdófar le cistí an bheartais chomhtháthaithe (2021-2027), lena n-áirítear an CSF+, agus liostaítear ann freisin riachtanais shonracha infheistíochta in aghaidh na haireachta lena gcumhdaítear infheistíochtaí atá ina gcuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gréige. Maidir leis an tosaíocht a bhaineann le slándáil fuinnimh, déantar tagairt sa phlean don infheistíocht 'Córas Neamhspleách Gáis Nádúrtha (ASFA) Alexandroupolis', a dtacófar léi trí chistí an bheartais chomhtháthaithe, agus meastar go mbeidh sí ina rannchuidiú mór le héagsúlú fhoinsí gáis nádúrtha na Gréige, rud a fhágfaidh go bhféadfar spleáchas na tíre ar ghás nádúrtha de thionscnamh na Rúise a laghdú a thuilleadh. Maidir leis an tosaíocht a bhaineann le cumais chosanta a fhorbairt, liostaítear sa phlean tionscadail shonracha a dhéanfaidh an Aireacht Cosanta Náisiúnta agus an Aireacht Cosanta Saoránach, lena n-áirítear tionscadail chun tionscal cosanta na Gréige a neartú le rannchuidiú ón Lárionad Heilléanach um Nuálaíocht Cosanta agus aerchórais gan foireann a sholáthar le haghaidh faireachas ar theorainneacha.

Conclúid an mheasúnaithe ón gCoimisiún

(34) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean na Gréige ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN ÓN gCOMHAIRLE

(35) Is díol sásaimh don Chomhairle plean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Gréige agus measann sí go gcabhródh a chur chun feidhme iomlán le hairgeadas poiblí fónta a áirithiú agus le tacú le hinbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí chomh maith le fás inbhuanaithe cuimsitheach.

(36) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an bplean. Mar sin féin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún a mheasúnú ar phleananna amach anseo a chur i láthair i ndoiciméad ar leithligh ó na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh moltaí ón gComhairle.

(37) Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún ar an gconair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean, lena n-áirítear maidir leis an treoir a thug an Coimisiún roimh ré, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le conair ghlanchaiteachais an phlean d'easnamh agus fiachas rialtais. Tugann an Chomhairle dá haire an measúnú ón gCoimisiún go bhfuil údar cuí ar an iomlán leis na toimhdí maicreacnamaíocha agus fioscacha, cé go bhfuil siad éagsúil i gcásanna áirithe le toimhdí an Choimisiúin, lena n-áirítear chun freastal ar shonraí maicreacnamaíocha agus fioscacha nuashonraithe, agus go bhfuil argóintí eacnamaíocha fónta mar bhonn taca leo. Tugann an Chomhairle dá haire straitéis fhioscach leathan an phlean agus na rioscaí don ionchas, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do theacht chun cinn an cháis mhaicreacnamaíoch agus do na toimhdí bunúsacha agus do sheachadadh chonair ghlanchaiteachais an phlean. Go háirithe, aithníonn an Chomhairle, de réir mheasúnú an Choimisiúin, gur leis an nuashonrú ar an staid fhioscach tosaigh amháin a mhínítear an difríocht idir an chonair ghlanchaiteachais sa phlean agus an chonair thagartha. Tugann an Chomhairle dá haire freisin go bhféadfadh rioscaí geopholaitiúla brú a chur ar chaiteachas cosanta.

(38) Tá an Chomhairle ag súil go mbeidh an Ghréig réidh chun a straitéis fhioscach a choigeartú de réir mar is gá chun a conair ghlanchaiteachais a áirithiú. Tá rún daingean ag an gComhairle dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus fioscacha, lena n-áirítear iad siúd is bonn le cás an phlean.

(39) Measann an Chomhairle go bhfuil gá le tuilleadh plé chun teacht ar chomhthuiscint maidir leis na himpleachtaí bliantúla faireachais a bhaineann leis na rátaí fáis carnacha glanchaiteachais in am don chéad bhabhta eile den fhaireachas fioscach.

(40) Tugann an Chomhairle dá haire an tuairisc ón gCoimisiún ar na riachtanais agus na rúin infheistíochtaí agus athchóirithe a fhreagraíonn ar na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirfear na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin i gcrích. Déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascálacha a thíolacfaidh an Coimisiún, measúnú ar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin agus déanfaidh sí faireachán ar a gcur chun feidhme faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

(41) Tá an Chomhairle ag tnúth leis na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ón nGréig ina mbeidh, go háirithe, faisnéis faoin dul chun cinn i gcur chun feidhme na conaire glanchaiteachais mar a leag an Chomhairle síos í, agus faoi chur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí níos leithne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(42) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais mar a leagtar amach sa phlean í a mholadh don Ghréig.

AG MOLADH LEIS SEO don Ghréig:

1. a áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis glanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

an Ghréig

Blianta		2025	2026	2027	2028
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	3,7	3,6	3,1	3,0
	Carnacha (*)	6,5	10,3	13,7	17,1

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha faoi threoir na bonnbhliana 2023. Úsáidtear na rátaí fáis carnacha san fhaireachán bliantúil ar chomhlíonadh *ex post*sa chuntas rialaithe.